Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9563/22**
**ADD 1**

| | |
|---|---|
| **JAI 761** | **DROIPEN 69** |
| **COSI 149** | **COPEN 210** |
| **ENFOPOL 298** | **FREMP 110** |
| **ENFOCUSTOM 89** | **JAIEX 61** |
| **IXIM 145** | **CFSP/PESC 705** |
| **CT 99** | **COPS 238** |
| **CRIMORG 81** | **HYBRID 49** |
| **FRONT 218** | **DISINFO 47** |
| **ASIM 47** | **TELECOM 248** |
| **VISA 87** | **DIGIT 108** |
| **CYBER 191** | **COMPET 408** |
| **DATAPROTECT 175** | **RECH 307** |
| **CATS 30** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 252 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an gCeathrú Tuarascáil ar Dhul chun Cinn i ndáil le cur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 252 final - Annex.

---

Faoi iamh: COM(2022) 252 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.5.2022
COM(2022) 252 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCeathrú Tuarascáil ar Dhul chun Cinn i ndáil le cur chun feidhme Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála**

Eochair Eolais:

Comhaid reachtacha: ● = glactha ● = obair atá ar siúl faoi láthair ● = ag feitheamh le togra an Choimisiúin

Comhaid neamhreachtacha: ● = glactha ● = obair atá ar siúl faoi láthair

| Gníomhaíochtaí | Staid na himeartha | | | |
|---|---|---|---|---|
| **I. Timpeallacht slándála a sheasfaidh an aimsir (bonneagar criticiúil, cibearshlándáil, spásanna poiblí)** | | | | |
| **Comhaid reachtacha** | | European Commission | European Parliament | Council of the European Union |
| • Togra le haghaidh Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, COM (2020) 829. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 16.12.2020.<br>Tá plé fós ar siúl sa Chomhairle.<br>Ghlac an Pharlaimint an sainordú chun dul i mbun caibidlíochta an 19 Deireadh Fómhair 2021.<br>Faoi chaibidlíocht thríthaobhach ó bhí mí Eanáir 2022 ann. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle agus ag an bParlaimint an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích faoi dheireadh Uachtaránacht na Fraince. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Treoir athbhreithnithe maidir le Slándáil Gréasáin agus Faisnéise (NIS), COM(2020) 823. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 16.12.2020.<br>Comhaontú polaitiúil arna thabhairt i gcrích idir comhreachtóirí an 12.05.2022. Glacadh foirmiúil ar feitheamh. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Athléimneacht oibríochtúil dhigiteach don earnáil airgeadais (Rialachán agus Treoir DORA), COM (2020) 595. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 24.09.2020.<br>Comhaontú polaitiúil sealadach arna thabhairt i gcrích an 10 Bealtaine 2022. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Rialachán maidir le slándáil faisnéise in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais COM(2022)119. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 22 Márta 2022. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Rialachán lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 22 Márta 2022. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |

| | | |
|---|---|---|
| Aontais COM(2022)122. | | |
| **Comhaid neamhreachtacha** | | |
| • Straitéis Chibearshlándála an Aontais, JOIN (2020) 18. | • Arna ghlacadh an 16.12.2020.<br>Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí/Leas-Uachtarán tuarascáil cur chun feidhme i láthair i mí an Mheithimh 2021. | |
| • Creat rialála don choincheap Eorpach um bainistiú tráchta gan foireann (U-Spás), C(2021) 2671, C(2021) 2672, C(2021) 2673. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 22.4.2021.<br>Mar a fógraíodh faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Cliste, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Straitéis nua um Dhróin a ghlacadh in 2022 chun forbairt bhreise na teicneolaíochta seo a threorú agus na caighdeáin sábháilteachta, slándála agus chomhshaoil is airde á ráthú ag an am céanna. | |
| • Cibearaonad Comhpháirteach a chruthú. | • Moladh ón gCoimisiún maidir le Cibearaonad Comhpháirteach (JCU) a chur ar bun, a glacadh an 23.06.2021.<br>Chuir Uachtaránacht na Comhairle bailchríoch ar na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCibearaonad Comhpháirteach i mí Dheireadh Fómhair 2021. | |
| • Dlús a chur leis an gcomhar chun spásanna poiblí, lena n-áirítear spásanna adhartha, a chosaint. | • San áireamh sa Chlár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach, a glacadh an 9 Nollaig 2020. | |
| • Athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh. | • Obair leanúnach ar Mholadh ón gCoimisiún i dtreo cur chuige comhchuibhithe chun bonneagar criticiúil fuinnimh a shainaithint, malartú faisnéise agus, roghanna atá ar fáil chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil fuinnimh a mhaoiniú.<br>• Obair leanúnach chun Buanghrúpa Oibreoirí agus údarás a bhunú maidir le hathléimneacht an bhonneagair fuinnimh. | |
| • Cód gréasáin maidir le cibearshlándáil le haghaidh sreafaí leictreachais trasteorann. | • Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coimisiún é faoi dheireadh 2022/go luath in 2023<br>• Tá obair inmheánach ar siúl faoi láthair. Tá an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ag déanamh athbhreithniú ar dhréacht-togra faoi láthair agus tá sé beartaithe aici é a chur faoi bhráid | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | an Choimisiúin faoi lár mhí Iúil 2022. | | | |
| • Tacú le feabhas a chur ar chumas na mBallstát an bhagairt a bhaineann le dróin neamh-chomhoibríocha a chomhrac agus a mhaolú | • Ar bun faoi láthair. | | 🟡 | |
| **II. Dul i ngleic le bagairtí atá ag teacht chun cinn (Cibearchoireacht, forfheidhmiú dlí an lae inniu, ábhar neamhdhleathach ar líne, bagairtí hibrideacha)** | | | | |
| **Comhaid reachtacha** | | | | |
| • Tograí maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhrath agus a bhaint. | • Togra gearrthéarmach: Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 10.09.2020. Comhaontú polaitiúil na gcomhreachtóirí an 29.4.2021. Tháinig sé i bhfeidhm an 03.8.2021. | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | • Togra gearrthéarmach: Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11.05.2022. COIM(2022)209 | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Togra le haghaidh Rialachán maidir leis an gcomhar breithiúnach agus rochtain ar cheartas a dhigitiú in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla trasteorann, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe sa chomhar breithiúnach (COM(2021) 759) | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 01.12.2021<br>Tá obair scrúdúcháin na Comhairle fós ar siúl, tá rapóirtéirí ceaptha ag Parlaimint na hEorpa agus reáchtáil sí an chéad mhalartú tuairimí an 12 Bealtaine 2022. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| **Comhaid neamhreachtacha** | | | | |
| • Straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 24.07.2020. | | 🟢 | |

| | |
|---|---|
| leanaí a chomhrac. | |
| • Cumas lucht forfheidhmithe dlí/breithiúnóirí in imscrúduithe digiteacha a fheabhsú. | • Feabhas a chur ar chumas lucht forfheidhmithe dlí maidir le imscrúduithe digiteacha a áirítear i Straitéis an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe a glacadh an 14 Aibreán 2021.<br>• Sa Straitéis sin, leag an Coimisiún amach an rún atá aige "moladh a dhéanamh ar an mbealach is fearr in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar cheist na rochtana dleathaí agus spriocdhírithe ar fhaisnéis chriptithe i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla agus ionchúiseamh. |
| • Cur chuige de chuid an Aontais a leagan amach maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac: | • Breithnithe maidir le hibrid a phríomhshruthú i gceapadh beartais, bonnlínte earnála maidir le hathléimneacht hibrideach a shainaithint, feasacht staide, ardán ar líne a chruthú.<br>• Obair leanúnach ar an leibhéal inmheánach, leis na Ballstáit agus le Gníomhaireachtaí. |
| • Athbhreithniú ar phrótacal oibríochtúil an Aontais chun bagairtí hibrideacha a chomhrac ('EU Playbook') SWD(2016)227. | • Ar feitheamh thoradh an athbhreithnithe ar shásraí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh. |
| **III. Saoránaigh na hEorpa a chosaint ar sceimhlitheoireacht agus ar choireacht eagraithe** | |
| **Comhaid reachtacha** | |
| Pacáiste maidir le frithsciúradh airgid:<br><br>- Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 (COM/2021/421) | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 20.07.2021<br>Cuireadh tús leis na cruinnithe tríthaobhacha an 28 Aibreán 2022 i ndáil le ceann de ghnéithe an phacáiste: an togra le haghaidh rialachán maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus le criptea-shócmhainní áirithe (athmhúnlú). A mhéid a bhaineann leis na gnéithe eile den phacáiste, tá plé fós ar siúl sa Pharlaimint agus sa Chomhairle. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| - Togra le haghaidh Rialachán maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (COM/2021/420)<br><br>- Togra le haghaidh treoir maidir leis na sásraí atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM/2021/423)<br><br>- Togra le haghaidh rialachán maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus le criptea-shócmhainní áirithe (athmhúnlú) (COM/2021/422). | | | | |
| • Athbhreithniú ar Rialachán 258/2012 maidir le húdarú onnmhairithe, agus bearta allmhairithe agus idirthurais le haghaidh arm tine. | • Tá sé beartaithe é a ghlacadh in R3 2022. | ● | ● | ● |
| Athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le calcadh agus coigistiú agus maidir le hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní. COM(2022) 245 | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 25.05.2022. | ● | ● | ● |
| • Athbhreithniú ar Threoir 99/2008/CE maidir leis | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 15.12.2021.<br>Tá obair scrúdúcháin na Comhairle fós ar siúl, níl tús curtha leis | ● | ● | ● |

| | | |
|---|---|---|
| Coireacht Chomhshaoil. COIM(2021)851 | an obair go fóill ag an bParlaimint. | |
| • Athbhreithniú ar shainordú an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí. COIM(2022)18 | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 12.01.2022. | |
| **Comhaid neamhreachtacha** | | |
| • Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí athnuaite i gcoinne an radacaithe san Aontas COM(2020) 795. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 9.12.2020. | |
| • Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe (le Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le EMPACT a ghabhann leis). | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 14.04.2021. | |
| • Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 14.04.2021. | |
| • Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 24.07.2020. | |
| • Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh 2020-2025 maidir le Gáinneáil ar Airm Thine. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 24.07.2020. | |
| • Tús a chur leis an gcaibidlíocht le 13 tríú tír le haghaidh comhair le Eurojust. | • Sainordú arna ghlacadh ag an gComhairle an 01.03.2021. Tá teagmháil leanúnach ag an gCoimisiún le tríú tíortha. Tá tús foirmiúil curtha leis an gcaibidlíocht le 3 thír: An Cholóim, an | |

| | |
|---|---|
| | Airméin agus an Ailgéir. |
| • Comhar nua le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta tábhachtacha i gcoinne na sceimhlitheoireachta. | Thionóil SEGS Idirphlé Frithsceimhlitheoireachta leis na tíortha agus leis na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta seo a leanas:<br>- An India (an Bhruiséil, an 30 Márta).<br>- Iosrael (Tel Aviv, an 4-5 Aibreán).<br>- Na Náisiúin Aontaithe -NA (Nua Eabhrac, an 8 Aibreán). |
| • Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE): Moladh maidir le comhaontuithe comhair le tríú tíortha roghnaithe. | • Tá obair ullmhúcháin ar siúl faoi láthair. |
| • Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach, 2021-2025. | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 29.09.2021 |
| **IV. Éiceachóras slándála Eorpach láidir** | |
| **Comhaid reachtacha** | |
| • Sainordú Europol a neartú. COM(2020) 796 | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 09.12.2020.<br>• Comhaontú polaitiúil arna thabhairt i gcrích an 01.02.2022<br>• Teacht i bhfeidhm ionchasach an 28 Meitheamh 2022 |
| • Athbhreithniú ar chinntí Prüm. COIM(2021)784 | • Arna ghlacadh an 1.12.2021<br>Caibidlíocht fós ar siúl. |
| • Tograí chun na rialacha atá ann cheana maidir le malartú sonraí agus comhar i bhforfheidhmiú dlí laistigh den Aontas a nuachóiriú agus chun cód um chomhar póilíneachta a chruthú | • Arna ghlacadh an 1.12.2021. Pacáiste ina bhfuil Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus moladh ón gComhairle maidir le comhar oibríochtúil póilíneachta.<br>Caibidlíocht fós ar siúl. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| don Aontas COM(2021) 782 agus COM(2021) 780 | | | | |
| • Togra le haghaidh Rialachán maidir le Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin. | • Arna ghlacadh i mBealtaine 2021.<br>• Tháinig an Rialachán lena mbunaítear an Lárionad Inniúlachta agus an Líonra i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2021. | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| • Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí. | • Obair atá ar siúl faoi láthair. Tá sé beartaithe é a ghlacadh i R4 2022. | 🟡 | 🔴 | 🔴 |
| • Malartú faisnéise digití maidir le cásanna sceimhlitheoireachta trasteorann. COIM(2021)757 | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 1.12.2021.<br>Tá coinne leis go nglacfar cur chuige ginearálta i mí an Mheithimh, rachaidh an Pharlaimint i mbun plé i mí na Bealtaine. | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Ardán comhair TF d'Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú. COIM(2021)756 | • Arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 1.12.2021.<br>Tá obair scrúdúcháin na Comhairle fós ar siúl, níl tús curtha leis an obair go fóill ag an bParlaimint | 🟢 | 🟡 | 🟡 |
| • Creat le haghaidh rochtain chómhalartach ar fhaisnéis a bhaineann leis an tslándáil d'oifigigh túslíne idir an tAontas agus tríú tíortha tábhachtacha chun dul i ngleic le bagairtí slándála comhroinnte. | • Obair atá ar siúl faoi láthair. Tá sé beartaithe é a ghlacadh in R4/2022 (b'fhéidir go gcuirfí siar go R1/2023 é). | 🟡 | 🔴 | 🔴 |
| **Comhaid neamhreachtacha** | | | | |
| • Fís Eorpach Braisle 3 (slándáil shibhialta don tsochaí) - clár oibre 2021-2022 | • Arna nglacadh ag na Ballstáit i mí an Mheithimh 2021 (trí Choiste an Chláir FE) | | 🟢 | |

| Gníomh Cur Chun Feidhme | | |
|---|---|---|
| • An ghné sheachtrach de bheartas an Aontais maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí a thabhairt cothrom le dáta | • Foilsíodh an treochlár an 24.07.2020.<br>• Tá sé beartaithe é a ghlacadh i R3/4 2022. Táthar ag súil le breithiúnas CBAE i rith 2022 i dtaobh an meastar go bhfuil an Treoir maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí agus na dlíthe ábhartha cur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe leis an gCairt um Chearta Bunúsacha | |
| • Caighdeáin slándála níos fearr do chártaí aitheantais agus do dhoiciméid chónaithe (cur chun feidhme Rialachán 2019/1157). | • Ar bun (thosaigh na Ballstáit ar chártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe a eisiúint i gcomhréir le caighdeáin slándála níos doichte ó mhí Lúnasa 2021 amach). | |
| • Mol Nuálaíochta an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach. | • Mol a bunaíodh mar líonra comhoibríoch de shaotharlanna nuálaíochta. Bíonn cruinnithe rialta ag foireann an Mhoil gach 2 sheachtain. | |
| • Moladh ón gCoimisiún chuig an gComhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht le Interpol. | • Dhá Chinneadh ón gComhairle maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht le Interpol chun comhaontú comhair a shíniú a glacadh ar an 14 Iúil 2021.<br>• Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Interpol i mí na Nollag 2021. Tharla dhá bhabhta caibidlíochta cheana féin. | |
| • Malartú faisnéise faoi thaifid choiriúla (ECRIS agus ECRIS-TCN) a neartú agus a fheabhsú. | • Glacadh an Tuairim ón gCoimisiún maidir le sonraíochtaí teicniúla eu-LISA le haghaidh ECRIS-TCN an 02.06.2021.<br>• Tá bailchríoch á cur ar Chinneadh Cur Chun Feidhme ECRIS-TCN faoi láthair. Tá sé beartaithe an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh i R1 2022 | |